

## Ceisteanna Agallaimh don Chomhad Fuaime

### 1. Cad is ainm duit?

Siún Ní Dhuinn

### 2. Cé dó a mbíonn tú ag obair agus cad é Teideal do Phoist?

Is mise an Comhordaitheoir Digiteach Gaeilge in RTÉ

### 3. An féidir leat sin a mhíniú i dteanga shimplí chun go bhféadfaimis go léir príomh-réimsí/príomh-thréithe do phoist a thuiscint?

Cuirim an t-ábhar digiteach is fearr i nGaeilge agus faoin nGaeilge ar fáil don phobal.

### 4. Cá raibh tú ar scoil? An bunscoil/meánscoil lán-Ghaeilge a bhí inti?

Gaelscoil Dhún Dealgan agus ansin Coláiste Rís, Dún Dealgan. Gaelscoil a bhí sa bhunscoil ach scoil le sraith Gaeilge a bhí sa mheánscoil.

### 5. An raibh sé deacair ort foghlaim trí mheán na Gaeilge?

Ní raibh, ar chor ar bith.

### 6. An labhraíonn/ar labhair tú Gaeilge sa bhaile?

Níor labhair ach muid ag ach labhairim idir Ghaeilge agus Bhéarla anois sa bhaile le mo chéile.

### 7. Cad iad na hábhair a rinne tú don Ardeist?

Gaeilge, Béarla, Mata, Stair, Eacnamaíocht Baile, Bitheolaíocht agus Fraincis

### 8. Dá mbeadh ort an rogha a dhéanamh arís, an ndéanfá rogha éagsúil?

Ní dhéanfainn, thaitin siad ar fád liom ar chúiseanna éagsúla.

### 9. Nuair a bhí ort cinneadh a dhéanamh faoina mbeadh ar siúl agat i ndiaidh na scoile, ar thuig tú cad a theastaigh uait a dhéanamh nó an raibh sé dian ort d'fhoirm CAO a líonadh?

Bhí sin dúshlánach, bhí 'fhios agam go raibh luí nádúrtha agam le teangacha agus nach rachainn le heolaíocht nó mata ach ba dheacair an cinneadh a dhéanamh ag seacht mbliana déag d'aois!

### 10. An mbraitheann tú go raibh tionchar mór ag do chúlra oideachais trí Ghaeilge ar do roghanna CAO agus do chinneadh gairme, dá réir? (má bhaineann an cheist seo leat)

Braithim go raibh tionchar nach beag ag an oideachas trí Gaeilge a fuair mé ar an gcaoi a bhfuil mo shaol caite agam go nuige seo agus fiú an



follow us on  
facebook



chaoi go mbreathnaím ar an saol. Tugann An Ghaeilge agus an fheasacht chultúrtha a bhaineann léi 'súil eile' ar an saol. Tá mé an-bhuíoch di!

## 11. An raibh aon rud ar leith a cabhraigh leat do rogha a dhéanamh?

Tacaíocht mo mhuintire, is dóigh liom. Thug siad an tsaoirse dom mo rogha a dhéanamh ach ní ligfidís dom cinneadh a thógáil nach ndéanfadh ciall dom ach oiread!

## 12. An bhfuair tú a raibh uait agus, má fuair, an gceapann tú go ndearna tú an rogha ceart?

Fuair, bhí céim sna healaíona in UCD mar chéad rogha agam agus d'éirigh liom spás a fháil ar an gcúrsa.

## 13. Ag féachaint siar air anois, cén chomhairle a bheadh agat do dhaoine sa 6ú bliain atá ag smaoineamh ar an gcéad chéim eile dóibh i ndiaidh na scoile?

An chomhairle a bheadh agam dóibh ná dul lena gcroíthe, beidh a fhios acu cad iad na hábhair a thaitníonn leo. Tugann oideachas ar an trío leibhéal deis duit an spéis atá agat sna hábhair seo a leathnú amach. Is iontach an rud é sin.

## 14. Cén chéad chéim a ghlac tú féin i ndiaidh na scoile? Ar bhain tú taitneamh as? Arbh idirlinn dheacair í? / An raibh an t-athrú deacair duit? Cad iad na dúshláin a d'eascair as, má bhí aon cheann ann?

Chuaigh mé go UCD agus sa chéad bhliain, rinne mé staidéar ar an nGaeilge, ar an mBéarla agus ar an Teangeolaíocht. Tréimhse ab ea a bhí dúshlánach ar a bealach féin; bhog mé go Baile Átha Cliath agus bhí difear mór idir na hábhair sa mheánscoil agus san Ollscoil.

## 15. Más rud é gur fhreastail tú ar scoil lán-Ghaeilge, an raibh sé deacair ort athrú ar ais go foghlaim trí mheán an Bhéarla? Cad iad na dúshláin a d'eascair as, má bhí aon cheann ann?

Ní raibh, dáiríre. Buntáiste ab ea an teanga dom mar go raibh mé compordach léi ón tús.

## 16. Lasmuigh den staidéar a rinne tú ar do chúrsa, an raibh tú páirteach in aon ghné eile i saol an choláiste?



Bhí cónaí orm ar an gcampas mar sin, ba chuid den éispéaras iomlán ollscolaíochta mé. Ba bhall den Chumann Gaelach mé agus sa tríú bliain, bhínn i mbun obair dheonach le St Vincent de Paul.

## 17. An raibh tionchar dearfach ag foghlaim na Gaeilge ar do shaol sóisialta sa choláiste i.e. an raibh tú páirteach i gclubanna agus cumainn Ghaeilge etc.?

An Cumann Gaelach, go príomha. Ach chomh maith leis sin, bhí cairde agam ar an Scéim Chónaithe agus b'iontach an saol sóisialta a bhí acu siúd!

## 18. An bhféadfá léargas ginearálta a thabhairt ar do stair ghairme? Conas a chuir tú chuige an post atá agat anois a fháil?

Thosaigh mé ag teagasc Gaeilge agus mé i mbun iarchéime i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge in UCD, thaitin sé go mór liom a bheith ag plé le mic léinn agus na dúshláin a bhain leis an teanga a thuiscint óna dtaobh siúd.

Ina dhiaidh sin, fuair mé post mar chúntóir Teanglainne agus ansin mar Léachtóir in Lárionad de Bhaldaithe i Léann na Gaeilge, áit a raibh mé ar feadh 5 bliana.

Chaith mé bliain ag obair leis an scéim Gaelbhratach, le Conradh na Gaeilge.

Ceapadh mé mar Oifigeach Gaeilge Ollscoil Mhá Nuad

D'oibrigh mé mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin i réimse an Oideachais le Foras na Gaeilge.

Chuaigh mé go Roinn Froebel, Ollscoil Mhá Nuad ag léachtóireacht agus ansin i mí Mhárta 2017, thosaigh mé ag obair le RTÉ.

## 19. An mbraitheann tú go raibh sé ina bhuntáiste duit bheith oilte ar an nGaeilge agus tú ag lorg poist?

Gan dabht, tá doirse oscailte ag an nGaeilge dom le blianta anuas.

## 20. Ón oideachas atá faighte agat go dtí seo, cad iad na gnéithe is mó a chabhraigh leat i do phost reatha?



Cruinneas scríbhneoireachta idir Ghaeilge agus Bhéarla. Tá an cruinneas sin fíorthábhachtach agus mé i mbun pinn.

## 21. An bhfuil tú tar éis, nó an bhfuil i gceist agat aon oiliúint bhreise a dhéanamh mar chuid de do phost?

Rinne mé staidéar ar an margaíocht dhigiteach cúpla bliain ó shin agus is cinnte gur chabhraigh an t-eolas breise sin liom mo phost reatha a fháil.

## 22. Conas mar a úsáideann tú Gaeilge i do phost?

Tá an Ghaeilge fite fuaite i ngach a dhéanaim anseo. Scríobhaim i nGaeilge, cuirim agallamh ar dhaoine i nGaeilge nó faoin nGaeilge agus éistim le go leor ar an raidió i nGaeilge freisin.

## 23. Cad iad na scileanna ar leith a thugann tusa chuig an láthair oibre?

Toisc gur duine mór leabhar mé, is dóigh liom go gcuirim luach ar scríbhneoireacht mhaith. Déanaim mo sheacht ndícheall cloí le prionsabail dea-scríbhneoireachta. Is breá liom a bheith ag comhoibriú le daoine nua agus ceapaim go bhfuil go gcuireann mo thréithe pearsanta mar dhuine fiosrach go mór le torthaí mo chuid oibre!

## 24. An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar ghnáth-lá oibre?

Braitheann cuid mhaith a dhéanaim ar an saol thart timpeall orainn; cad atá ag titim amach sna meáin in Éirinn agus níos faide i gcéin. Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeinn suas chun dáta ar an nuacht gach lá, éistim le cláracha raidió agus mé ag ullmhú le dul chun na hoibre, nuair a bhainim an oifig amach, tosaím ar phíosa a scríobh, míreanna fuaime a ghearradh, grianghraif a aimsiú srl. Labhraím le mo chomhghleacaithe faoi na féidearthachtaí atá ann an t-ábhar Gaeilge a roinnt ar leathanaigh eile, m.sh RTÉ Lifestyle, Culture srl. Roinnim gach a fhoilsím ar na meáin shóisialta. Caithim an tráthnóna ag féachaint chun cinn ar scéalta féideartha.

## 25. Cad a thaitníonn leat mar gheall ar do phost?

Ní bhíonn leadrán orm ariamh anseo. Oibrím le comhghleacaithe fuinniúla, tuisceanacha, éirimiúla agus cuireann siad go mór leis an obair.



## 26. Cad atá dúshlánach duit (i do phost), má tá aon ní dúshlán ann?

Tá dúshlán ann, cinnte, mar atá in aon eagraíocht mhór eile; cumarsáid éifeachtach an rud is mó a chabhródh leis an eagraíocht seo, i mo thuairim.

## 27. An gcuireann do phost ar do chumas stíl mhaireachtála shásúil a bheith agat?

Cuireann, tá brú ag baint le haon phost sna meáin mar go mbíonn tú ag brath ar chúrsaí reatha ach formhór an ama, éiríonn liom saol sláintiúil a bheith agam lasmuigh den oifig.

## 28. An mbíonn tú in ann taisteal a dhéanamh/maireachtáil thar lear sa phost agat?

Ní bhíonn, faoi láthair ach cá bhfios amach anseo!

## 29. Cén chomhairle a chuirfeadh tusa ar aon duine a bheadh ag smaoineamh ar an bpost seo a dhéanamh?

Teastaíonn scileanna agus tréithe pearsanta faoi leith le bheith i d'iriseoir maith; fiosracht, spéis in ábhair éagsúla, súil mhaith le haghaidh scéalta agus bá le daoine, sílim. Is féidir gach aon cheann de na tréithe seo a fhoghlaim, creidim. Mholfainn d'aon duine a bhfuil spéis acu a bheith ina (h)iriseoir éisteacht, féachaint agus léamh a dhéanamh ar mheáin éagsúla agus ansin tús a chur lena gcuid iriseoireachta féin, tá deiseanna den scoth ann anois sa saol digiteach ina maireann muid.

## 30. Conas mar atá na hionchais fostaíochta ann?

Is áit iontach í RTÉ mar go bhfuil an oiread sin de shaineolas agus taithí san eagraíocht, tá féidearthachtaí den scoth ann.

## 31. Cad iad na 3 phríomh-thréith phearsanta is gá a bheith ag duine don phost seo?

Fiosracht, solúbthacht, dúthracht agus foighde!



32. Cad iad na hábhair spéise eile atá agat agus an gcuireann siad le do phost reatha in aon slí?

Go leor! Litríocht, faisean agus cultúr, go príomha. Cuireann gach spéis bhreise liom, creidim.

33. Cé hiad na daoine is mó a bhfuil tionchar ag do ghairm orthu?

Bím ag scríobh do dhá phobal, creidim; iad siúd ar bheagán Gaeilge ach a bhfuil spéis acu inti agus iad atá líofa.

34. Dá dtosófá ón tús arís, an ndéanfá aon rud ar shlí éagsúil?

Ní dóigh liom é, tá foghlamtha ó gach atá déanta agam go nuige seo.

